

# Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta don Choiste Comhairleach um Oideachas Gaeltachta

Dáta: Dé Céadaoin, 7 Márta 2018

## 1. Freagairt Scoileanna don *Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta*

- Tá an *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim)* ag gluaiseacht chuig an chéad chéim fheidhmithe eile in 2018/2019 – Imlitreacha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna le foilsiú i mí an Mhárta 2018
- Beidh deis eile á chur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna d'aon bhunscoil nó d'iar-bhunscoil i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nach bhfuil sa *Scéim* fós páirt a ghlacadh le linn na scoilbhliana 2018/19.
- Foilseofar liosta de na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna go léir atá páirteach sa *Scéim* ar láithreán gréasáin na Roinne i samhradh 2018.

## 2. Dréacht-Imlitreacha

Le foilsiú na nImlitreacha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta i mí an Mhárta 2018:

- Beidh maoiniú breise agus tacaíochtaí teagaisc ar fáil do 80% de na bunscoileanna agus do 96% de na hiar-bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta atá páirteach sa *Scéim* ó 2017 tar éis glacadh lena bpleananna gníomhaíochta.
- Cuirfear cuairteanna comhairleacha ar fáil ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna chun tacú le scoileanna agus comhairle agus aiseolas a thabhairt dóibh ar na spriocanna agus na gníomhaíochtaí atá roghnaithe d'fhócas phróisis fhéinmheastóireachta sna pleananna gníomhaíochta chun an tumoideachas a threisiú.
- Beidh seimineáir réigiúnacha agus cuairteanna tacaíochta á sholáthar ag COGG chun treoir bhreise a thabhairt do scoileanna atá ag glacadh páirte sa *Scéim*.
- I gcomhar le COGG, foilseofar agus eiseofar *An Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais do Bhunscoileanna /d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta (2018)* chuig gach scoil.
- Cuirfear tús ó Mheán Fómhair 2018 le tionscnaíocht e-mhol ar bhonn píolótach, bunaithe ar thaighde idirnáisiúnta, i gceithre iar-bhunscoil a roghnófar chun páirt a ghlacadh sa *Scéim* agus a shásaíonn na critéir roghnaithe don scoilbhliain 2018/2019 chun cur leis an raon ábhar atá ar fáil trí Ghaeilge do scoláirí i scoileanna Gaeltachta.
- Cuirfear tús le *Forás* (Clár Tacaíochta Droichid píolótach) i ndá iar-bhunscoil atá sa *Scéim* ina ndéanfar múinteoir amháin a dháileadh ar choibhéis lánaimseartha do gach ceann den dá iar-bhunscoil a roghnaítear agus a shásaíonn critéir ar leith.

### **3. Na pleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile-uile**

- Chuir 27 iar-bhunscoil agus 105 as 106 bunscoil a roghnaigh páirt a ghlacadh sa *Scéim* le linn na scoilbhliana 2017/2018 a bpleananna gníomhaíochta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin 31 Eanáir 2018.
- Tá athbhreithniú déanta ar na pleananna gníomhaíochta agus toradh an athbhreithnithe sin curtha in iúl do na scoileanna. Tá tacaíocht leantach bhreise á sholáthar i bhfoirm chuartheanna comhairleacha breise ón gCigireacht i gcásanna áirithe, de réir mar is cuí. Beidh ar na scoileanna seo a bpleananna gníomhaíochta a sheoladh ar ais chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta faoin Luan, 16 Aibreán 2018. Idir an dá linn beidh na cigirí ag tabhairt cuairteanna comhairleacha breise ar na scoileanna sin chun tacú leo.
- Glacadh le pleananna gníomhaíochta 60 bunscoil (57% den líon iomlán a chur isteach pleananna) agus 21 iar-bhunscoil (78% den líon iomlán a chur isteach pleananna) agus beidh deontas €1,200 á fháil acu i mí na Bealtaine 2018 chun tacaíochtaí agus acmhainní breise a fháil le linn na scoilbhliana 2018/2019. Táthar ag súil go ndéanfar forbairt bhreise ar na pleananna gníomhaíochta eile ionas gur féidir leis an Roinn na tacaíochtaí breise a sholáthar do na scoileanna sin faoi na spriocdhátaí atá aitheanta.

#### **Maidir leis na moltaí a rinneadh ar na pleananna gníomhaíochta feabhsúcháin scoile le linn an phróisis athbhreithnithe, aithnímid na téamaí seo a leanas:**

- Aird ar leith a dhíriú ar na mion-spriocanna feabhsúcháin agus na tosaíochtaí, na gníomhartha, agus an próiseas athbhreithnithe agus monatóireachta
- Tréimhse an phlean agus na spriocanna ar fad a bheith intomhaiste agus insroichte taobh istigh de thréimhse ama áirithe
- Tuilleadh béime a chur ar thorthaí foghlama na bhfoghlaimeoirí agus ar chleachtas na múinteoirí sa phlean gníomhaíochta
- Na critéir ratha a shoiléiriú chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn
- Bonnlíne don fhoghlaim agus don teagasc a aithint
- Agus an plé dírithe ar an luath-thumoideachas ag an mbunleibhéal, tagairt ar leith a dhíriú ar na torthaí foghlama agus ar chontanaim dul chun cinn an Churaclaim Teanga (2015) i dtreo is go mbeidh leanúnachas le sonrú i ranganna na naíonán suas go rang a dó.
- Aird ar leith a dhíriú ar Shonraíocht T1 don Ghaeilge sa tsraith shóisearach ag an iar-bhunleibhéal
- An cur chuige atá ag an scoil a aithint maidir le téarmaíocht agus eiseamláirí teanga maidir le hábhar ar leith nó hábhair éagsúla
- Na straitéisí agus na critéir mheasúnaithe a leagadh amach don chéad scoilbhliain eile agus as sin amach chun dul chun cinn na foghlama agus an teagaisc a threorú agus a thomhas.
- Tacú le caighdeán Gaeilge na scoláirí a fheabhsú ó thaobh labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge de, agus cainteoirí dúchais mar aicme ar leith
- Ról na scoláirí agus na tuismitheoirí mar pháirtithe sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

### **4. Tionscadal píolótach do mhol ríomhfhoghlama**

- Is é cuspóir an tionscadail píolótach seo ná an raon ábhar curaclaim a mhéadú do scoláirí i gceantair Ghaeltachta ionas gur féidir leo ábhair a rochtain nach bhfuil ar fáil faoi láthair ina scoil féin.
- Mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana, tá athbhreithniú cuimsitheach déanta ar thaighde idirnáisiúnta ar fhoghlaim ar líne i Nua Shéalainn, Albain, Ceanada agus an Astráil.

- Tá plean gníomhaíochta á fhorbairt faoi láthair chun an tionscadal seo a threorú a bheidh mar bhunchloch do na chéad chéimeanna i bhfeidhmiú an tionscadail.
- Tá sé i gceist an tionscnaíocht dhigiteach seo a fhorbairt ar bhonn struchtúrtha céimniúil.

## 5. Na hOileáin

- Tá coiste inmheánach curtha le chéile ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le breathnú ar an tslí is fearr inar féidir dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hiar-bhunscoileanna Gaeltachta ar na hoileáin.

## 6. Uasdátú ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

- Mar thoradh ar chomhairliúchán agus ar chomhoibriú go leanúnach idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) d'fhoilsigh an OSR, ag deireadh mhí na Nollag 2017 agus thar ceann na Roinne Iarraidh ar Thairiscintí (IAT) chun clár oideachais múinteoirí trí mheán na Gaeilge a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar do dhá chúrsa oideachas múinteoirí trí mheán na Gaeilge.
- Beidh fáil ar chlár Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) 4-bliana B.Oid. lánaimseartha trí mheán na Gaeilge (bunmhúinteoireacht) agus ar chlár oideachas múinteoirí iarchéime M.Oid. 2-bhliaín páirtaimseartha foghlaim-chumaisc trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí /phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile, atá sa chóras.
- Is é an cuspóir a bhaineann le tús a chur le dhá chlár oideachas múinteoirí trí mheán na Gaeilge ná cur leis an líon múinteoirí ar féidir leo oideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus cur le cumas Gaeilge na múinteoirí atá ann faoi láthair.
- Is é an dáta tosaithe atá beartaithe don B.Oid trí mheán na Gaeilge ná Meán Fómhair 2019, agus tá sé i gceist go dtosódh an M.Oid. trí mheán na Gaeilge i mí Mheán Fómhair 2018.
- Mar chuid den *Pholasaí* a chur i bhfeidhm, chuir an Roinn 2 phost teagaisc breise ar fáil freisin don chlár oideachas múinteoirí ag OÉG, an *Máistir Gairmiúil san Oideachas*, trí shocruithe iasachtaí. Is é an cuspóir a bhaineann leis an 2 phost breise seo ná gluaiseacht i dtreo an líon múinteoirí iar-bhunscoile ar féidir leo raon ábhar a sholáthar trí mheán na Gaeilge a mhéadú.